

Cuidigh le heolas a thabhairt don chéad daonáireamh eile

Tá mé ag scríobh chugat le iarraidh ort cuidiú le suirbhé gairid a dhéanamh agus freagraí a thabhairt ar cheisteanna féideartha nua do Dhaonáireamh 2021. Tá an suirbhé seo á dhéanamh ag Ipsos MORI, ar son Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (GTÉST).

Roghnaíodh lucht do thí go randamach le páirt a ghlacadh ann. Bheinn buíoch díot as do chuidiú – agus trí pháirt a ghlacadh sa suirbhé seo beidh tú ag tabhairt eolais don chéad daonáireamh eile.

Glac páirt i suirbhé gairid ar líne

Leis an suirbhé ar líne a dhéanamh, clóscríobh an nasc seo sa bharr seolta ag barr do bhrabhsálaí idirlín:

<https://ipsos.uk/census-research>

agus cuir isteach do chód rochtana uathúil:

[CÓD_ROCHTANA]

Tá do rannpháirteachas go hiomlán deonach.

Líon isteach an suirbhé a luaithe agus is féidir, ach chan níos moille ná meán oíche Dé hAoine 11ú Lúnasa. Níor chóir go nglacfaidh sé níos mó ná cúig nóiméad le líonadh isteach.

Cibé freagraí a thabharfaidh tú dúinn, coinneofar faoi rún iad.

Tá tuilleadh eolais ar an taobh eile den leathanach seo.

Tiontaigh an leathanach seo thart le haghaidh tuilleadh eolais ar an suirbhé, ar GTÉST agus ar an daonáireamh.

Go raibh míle maith agat as do chuid ama le cuidiú linn.

Is mise le meas,



David Marshall (Dr)
Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde

Cé thusa?

Tá Ipsos MORI ag déanamh an tsuirbhé ar son Ghníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (GTÉST). Is gníomhaireacht taighde neamhspleách Ipsos MORI. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ag www.ipsos.com/ipsos-mori.en-uk

Tá GTÉST freagrach as bailiú agus foilsiú staitisticí a bhaineann leis an gheilleagar, leis an daonra agus leis an tsochaí i dTuaisceart Éireann. Déanann GTÉST an daonáireamh i dTuaisceart Éireann gach 10 mbliana. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ag <https://www.nisra.go.uk>

Cén fáth a bhfuair lucht mo thí cuireadh leis an suirbhé a líonadh isteach?

Cuireann an suirbhé ceisteanna ort fút agus faoi lucht do thí. Tá muid ag baint trialach as ceisteanna le cinnte a dhéanamh go mbeidh Daonáireamh 2021 chomh furasta agus is féidir le líonadh isteach.

Cad é faoina bhfuil an suirbhé?

Áiríonn an daonáireamh an daonra agus bailíonn sé eolas eile faoi lucht tithe agus na daoine sna tithe sin. Bíonn sé á úsáid ag an rialtas lárnach agus áitiúil, gnóthaí agus carthanachtaí, mar shampla, chun tacú le cinntí ar chistí a dháileadh, seirbhísí a sholáthar agus monatóireacht a dhéanamh ar éagothromaíocht.

Cad é an rud é an daonáireamh?

Áiríonn an daonáireamh an daonra agus bailíonn sé eolas eile faoi lucht tithe agus na daoine sna tithe sin. Bíonn sé á úsáid ag an rialtas lárnach agus áitiúil, gnóthaí agus carthanachtaí, mar shampla, chun tacú le cinntí ar chistí a dháileadh, seirbhísí a sholáthar agus monatóireacht a dhéanamh ar éagothromaíocht

Cé i mo lucht tí ar féidir leo an suirbhé a líonadh isteach?

Is féidir le duine ar bith 16 bliana d'aois nó níos sine an suirbhé a líonadh isteach. Más tusa an t-aon duine amháin atá 16 bliana d'aois nó níos sine, ba chóir duit amháin an suirbhé a líonadh isteach.

An mbeidh tú ábalta m'fhreagraí indibhidiúla a fheiceáil?

Ní bheidh. Ní bheidh duine ar bith in Ipsos MORI nó in GTÉST ábalta bheith do d'aithint nó amharc ar an bhealach a d'fhreagair tú an suirbhé. Cuirfidh Ipsos MORI na freagraí ó gach duine a d'fhreagair an suirbhé le chéile, agus beidh na sonraí a thabharfaidh tú gan ainm orthu.

Má bhíonn ceist ar bith eile agat déan teagmháil le Ipsos MORI ar ríomhphost nó ar an ghuthán le do thoil.

Ríomhphost: censusresearch@ipsos.com

Uimhir Ghutháin: **0800 819 9031**